## TÉIGH I DTEAGMHÁIL LINN

Is féidir leat fanacht i dteagmháil leis an tionscadal trínár suíomh gréasáin, áit a mbeifear ag postáil nuashonruithe ar an dul chun cinn chomh maith le sonraí faoi na hoibreacha atá ar siúl. Chun tuilleadh fiosrúchán a dhéanamh, ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh linn le ríomhphost nó sa phost ag:

**BAINISTEOIR TIONSCADAIL FRS NA GLEANNTA**

**An Oi ig Tionscadail: : RPS, Ionad Gnó an Chiste Fiontair, Baile Raithin, Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall, F92 AF43**

**Ríomhphost: glentiesfrs@rpsgroup.com**

## NAISC ÁBHARTHA

**Láithreán Gréasáin: https://countydonegalfrs.ie/glentiesfrs/**

COUNTY DONEGAL
FLOOD RELIEF SCHEMES

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

OPW
Oifig na nOibreacha Poiblí
Office of Public Works


# NA GLEANNTA

## Scéim Faoisimh Tuilte

Nuachtlitir Uimh.12
Deireadh Fómhair 2023

**https://countydonegalfrs.ie/glentiesfrs**





## CÉN CHÉIM AG A BHFUIL AN TIONSCADAL?

Tá an Fhoireann Tionscadail ag obair ar shainaithint a dhéanamh ar an Scéim is Fearr do na Gleannta i gcomhar leis an Ghrúpa Stiúrtha. Tá measúnú á dhéanamh faoi láthair ar chosaintí láidre, iompar cainéil níos fearr agus bearta le haghaidh tuile nádúrtha / bainistiú dobharcheantair.

Cheap an Grúpa Stiúrtha RPS le tabhairt faoi staidéar eile le tionscadal píolótach a mheas a dhéanfaidh tástáil ar réitigh ar iliomad ceisteanna bunaithe ar Nádúr i ndobharcheantar Srath Chaisil, an acmhainneacht le riosca tuillte a mhaolú san áireamh.


## LÁ EOLAIS DON PHOBAL

Reáchtálfaidh an Fhoireann Tionscadail Lá Eolais don Phobal nuair a bheidh an mheasúnacht ar roghanna agus staidéar píolótach ar réitigh bunaithe ar Nádúr curtha i gcrích.  Tá sé de chuspóir ag an Lá Eolais don Phobal an pobal a chur ar an eolas faoin dóigh ar baineadh úsáid as an eolas a thug siad ar an Chéad Chomhairliúchán Poiblí (Samhain 2021 - Nollaig 2021) sa mheasúnú ar roghanna.

## MEASÚNACHT TIMPEALLACHTA

Chríochnaigh an Fhoireann Timpeallachta RPS sainsuirbhéanna, suirbhéanna gnáthóg agus speicis faoi chosaint. Chuaigh na sonraí seo i bhfeidhm ar an phróiseas measúnaithe ar na roghanna. Féadann sainsuirbhéanna breise a bheith de dhíth leis an Rogha is fearr atá ag teacht chun tosaigh a mheas.

## BREAC-CHUNTAS AR CHLAR SCEIM




*Is meastacháin iad ha hamscálaí a thugtar ach d'fhéadfaí iad a athrú*

## NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

**Anailís Hiodrálach:** Tá an RPS i mbun an tuairisc hiodrálach a chur i gcrích.

**Anailís agus Forbairt Scéime:** Tá RPS ag obair i gcomhar leis an Ghrúpa Stiúrtha leis an rogha is fearr a shainaithint. Tá RPS ag forbairt tuairiscithe ar Anailís agus Forbairt Scéime ar a n-áirítear tuairisciú breise ar chur i ngníomh beartas dobharcheantair dhúlra-bhunaithe, intógthacht, oibriú agus cothabháil, agus oiriúnú d'athrú aeráide

**Measúnacht Timpeallachta:** Nuair a dheanfar an rogha is fearr a dhearbhú, déanfar Scagadh don Mheasúnú Oiriúnach, Scagadh EIA agus nuair is gá, forbrófar Ráiteas Tionchair Natura agus  Tuairisc ar Mheasúnú ar Thionchar ar Chomhshaol (EAIR).